# Nuachtlitir Márta 2013

Fáilte go dtí Nuachtlitir Futa Fata.

## Seachtain na Gaeilge

**Tá Seachtain na Gaeilge anuas orainn arís! Is iad Paddy Barnes, Evanne Ní Chuilinn agus Róisín Ní Thomáin atá mar ambasadóirí Sheachtain na Gaeilge na bliana seo. "Tóg do chéad céim" an manna atá ag an bhfeachtas i mbliana agus tá rogha leathan d'imeachtaí ar siúl timpeall na tíre! Tá údar Futa Fata, Patricia Forde i lár an aonaigh i mbliana agus í ag léamh le páistí scoile i leabharlanna Bhaile Átha Cliath. Coinnígí súil amach dhi!**




## Scéal na Mara

**Mar chuid de Sheachtain an Gaeilge, tá Futa Fata ag reáctháil seó speisialta do pháistí scoile rang 2 agus rang 3 in amharclann na Gaeilge, An Taibhdhearc, i lár chathair na Gaillimhe ar an 14ú Márta.Cuirfidh *'Scéal na Mara'* carachtar spleodrach nua ón scríbhneoir Patricia Forde i bhur láthair – sin í an foghlaí mara Lísín. Chun an scéal seo a chur i láthair, beidh cúnamh ag Patricia ó Thadhg Mac Dhonnagáin agus é ag canadh ó na dlúthdhioscaí éagsúla uaidh a bhfuil blas na farraige orthu, ina measc Ceol na Mara agus Peigín Leitir Móir. Costas €5.00 an páiste atá i gceist agus gheobhaidh gach páiste cóip den leabhar ar a bhfuil an seó bunaithe, "Lísín - Scoil na bPaistí Deasa." Luach €7.95 atá ar an leabhar sna siopaí. Má tá suim ag do scoil rang a thabhairt ann, le bhur dtoil déan teagmháil le** gemma@futafata.ie **- tá na huimhreacha fíortheoranta!**

## Féile Leabhar Bologna

Beidh Aonach Leabhar Bhologna ar siúl an mhí seo san Iodáil. Is é seo an t-aonach idirnaisiúnta leabhar do pháistí is mó ar domhan.Freastlaíonn Futa Fata ar an aoanach chuile bliain le saothar na scríbhneoirí agus na maisitheoirí a mbíonn muid ag obair leo a chur faoi bhráid an domhain mhóir. I mbliana, beidh taispeántas ealaíne ó mhaisitheoirí Éireannacha ann, le ceiliúradh a dhéanamh ar Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach. Is í Laureate na nÓg, Niamh Sharkey, atá i mbun an taispeántais seo.







## Féilte Mí Márta

Tá go leor laethanta speisialta ag teacht aníos an mhí seo – Lá Domhanda na Leabhar, Lá na Máthar agus An Cháisc. Gliogáil anseo lenár gcatalóg iomlán a fheiceáil más ag lorg bronntanas seachas seacláid atá tú an mhí seo!Tabhair cuairt ar Facebook chomh maith, áit a mbíonn neart scéalta agus comórtaisí againn!

---

** Leagan Béarla Thíos **

---

## Seachtain na Gaeilge 2013

It's that time of year again: Seachtain na Gaeilge is in full flight.This years ambassadors, Paddy Barnes, Evanne Ní Chuilinn and Róisín Ní Thomáin are encouraging people to take their first step or "Tóg do chéad chéim…" With a great calendar of events scheduled all around the country, taking your first step should be fun and easy! Our very own, Patricia Forde will be visiting libraries in Dublin to share her stories of dragons, clucky hens and lost dogs! Keep an eye out for her!

SEACHTAIN NA GAEILGE 4-17 MÁRTA 2013




## Scéal na Mara

**Futa Fata are doing their bit again this year to help support Seachtain na Gaeilge. The company will stage a special show for school children in An Taibhdhearc theatre, in the heart of Galway city, on March 14th. The show will introduce Patricia Forde's new character the feisty pirate girl, Lísín from the new book Lísín – Scoil na bPáistí Deasa. Helping Patricia with plenty of sea-faring songs will be Tadhg Mac Dhonnagáin. The cover charge per child for this show is €5 but every child will receive a signed copy of the book, RRP €7.95.Space is limited therefore any school interested in taking their 2nd or 3rd class students should get in touch with us asap – gemma@futafata.ie will answer all your questions!**

## Bologna Children's Book Fair

**The biggest children's book fair on the calendar takes place 25 – 28th March. Futa Fata will again be a part of the Irish contingent travelling to the Italian city to present to the world the amazing work by our Irish authors and illustrators. Irish illustrators work will also be well represented this year in an exhibition especially curated by Laureate na nÓg, Niamh Sharkey's.The exhibition will showcase the extraordinary talents of our artists at a time when Ireland holds the presidency of the EU.**







## World, Book Day, Mother's Day and Easter

**March will be a busy month for special festivities! Check out our full catalogue for alternative gift ideas this Mother's Day and Easter. Like us on Facebook to keep up to date with all our news plus be in with a winning chance on our many giveaways!**

Futa Fata ar Facebook | Twitter | YOUTUBE | ar aghaidh |

Futa Fata
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Teil:091-504612
R-Poist: eolas@futafata.ie

Faigheann Futa Fata tacaíocht leanúnach ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge ; ón gComhairle Ealaíon, dá chlár foilsitheoireachta do pháistí ; ó COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dá bhfoilseacháin

www.futafata.ie

*Suíomh Gaeilge is fearr*
*Irish Web Awards 2012*

*Ceart ar cosaint © 2012 All rights reserved*

*Distributors/Dáilitheoirí: Gill & Macmillan/ IES/ Argosy/ Book Nest*

oideachasúla agus ó thráth go chéile, ó Ealaín na Gaeltachta do thograí éagsúla ealaíne.